BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Ceathrú Dlísheomra Méadaithe)

22 Eanáir 2025 *

(Státseirbhís – Gníomhairí ar conradh – Luach saothair – Liúntas easaoránachta – Diúltú faoin liúntas easaoránachta a dheonú – Ríomh na tréimhse tagartha 5 bliana – Airteagal 4(1)(a) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne – Dliteanas)

I gCás T-1093/23,

**AH**, arna ionadú ag A. Guillerme, T. Bontinck agus L. Bouchet, Dlíodóirí,

iarratasóir,

v

**an Coimisiún Eorpach**, arna ionadú ag T. Bohr agus L. Hohenecker, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Ceathrú Dlísheomra Méadaithe),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: R. da Silva Passos, Uachtarán, N. Półtorak (Rapóirtéir), I. Reine, P. Nihoul agus T. Pynnä, Breithiúna,

Cláraitheoir: L. Ramette, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn, go háirithe don bheart eagraithe imeachtaí an 11 Iúil 2024 agus don fhreagra ón gCoimisiún arna thaisceadh i gClárlann na Cúirte an 25 Iúil 2024,

tar éis éisteacht an 25 Meán Fómhair 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

## Breithiúnas

1 Trína chaingean faoi Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, AH, ar an gcéad dul síos, go gcuirfí ar neamhní an cinneadh ó Oifig an Choimisiún Eorpaigh um 'Riar agus um Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla' (PMO) an 9 Feabhra 2023 chun AH a dhiúltú faoi chead an liúntais easaoránachta

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

('an cinneadh atá faoi chonspóid'), ar an dara dul síos, go 'n-aithneofaí' an ceart ag AH ar an liúntas easaoránachta ón 1 Feabhra 2023 ar aghaidh agus, ar an tríú dul síos, go gcúiteofaí an damáiste neamhábhartha arna dhéanamh dó leis an gcinneadh atá faoi chonspóid.

## Cúlra na díospóide

2 Is easaoránach de chuid na hIodáile é an t-iarratasóir atá ina chónaí sa Bhruiséil (an Bheilg) ón 16 Bealtaine 2017 ar aghaidh.

3 An 1 Deireadh Fómhair 2022, fostaíodh an t-iarratasóir mar ghníomhaire ar conradh GF 1 i gCoiste na Réigiún ar feadh na tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023. Agus a chuid cearta airgid á socrú aige ar a theacht i mbun dualgas i gCoiste na Réigiún, thug Coiste na Réigiún an liúntas easaoránachta dó dá dtagraítear in Airteagal 69 de Rialacháin Foirne an Aontais Eorpaigh ('na Rialacháin Foirne'), arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4(1)(a) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne sin.

4 Ar a earcú le haghaidh post mar ghníomhaire ar conradh GF 1 in Ardrúnaíocht na Comhairle (ARC), chuir an t-iarratasóir deireadh lena dhualgais i gCoiste na Réigiún an 31 Eanáir 2023. Tháinig sé i mbun dualgas in ARC an lá arna mhárach.

5 An 9 Feabhra 2023, chuir PMO an cinneadh atá faoi chonspóid in iúl do ARC, lena socraítear a chearta airgid ar a theacht i mbun dualgas.

6 Ar fháil an chinnidh atá faoi chonspóid, sheol an t-iarratasóir ríomhphost chuig gníomhaire PMO ag iarraidh míniú ar an gcúis leis an liúntas easaoránachta gan bheith aige de réir a fhostaithe ag ARC, cé gur tugadh cead an liúntais sin dó agus é á fhostú i gCoiste na Réigiún, sular tháinig sé i mbun dualgas in ARC.

7 Trí ríomhphoist an 6 agus an 7 Márta 2023, d'fhreagair gníomhaire PMO an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, nár atháinig sé i mbun dualgas ar a fhostú in ARC, in ainneoin gur tháinig a chonradh in ARC i ndiaidh a fhostaithe i gCoiste na Réigiún as a chéile. Ar an dara dul síos, ós rud é go raibh sé ag obair agus ina chónaí sa Bheilg ar feadh fhad na tréimhse tagartha dá bhforáiltear in Airteagal 4(1)(a) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, eadhon idir an 1 Lúnasa 2017 agus an 31 Iúil 2022, ní raibh ceart an liúntais easaoránachta aige.

8 An 28 Aibreán 2023, rinne an t-iarratasóir gearán i gcoinne an chinnidh atá faoi chonspóid, de réir Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne.

9 An 11 Lúnasa 2023, ghlac an Coimisiún cinneadh, mar údarás a bhfuil conarthaí intugtha i gcrích aige (UCIC), chun diúltú don ghearán, ar cinneadh é ar cuireadh in iúl don iarratasóir an lá céanna.

## An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe

10 Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

– an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

– a aithint go bhfuil an ceart aige ar an liúntas easaoránachta ón 1 Feabhra 2023 ar aghaidh;

– a ordú don Choimisiún cúiteamh EUR 5 000 a íoc leis i leith an damáiste neamhábhartha;

– a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

11 Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Ghinearálta:

– diúltú don chaingean;

– a ordú don iarratasóir na costais a íoc.

## An dlí

### *An t-ordú le haghaidh neamhniú atá á lorg*

12 Mar thaca lena éileamh ar neamhniú, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí. Éilítear leis an gcéad saincheist dlí earráid shoiléir mheasúnaithe agus earráid dlí maidir le léiriú Airteagal 4(1) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. Éilítear leis an dara ceann sárú ar phrionsabal an dea-riaracháin, a chumhdaítear in Airteagal 41 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

13 De réir na chéad saincheiste dlí, áitíonn an t-iarratasóir, i bhfianaise leanúnachas feidhmiúil a chaidrimh oibre leis an Aontas Eorpach agus an chuspóra don liúntas easaoránachta, go ndearna UCIC earráid shoiléir mheasúnaithe agus earráid dlí i ndáil leis an léiriú ar Airteagal 4(1) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, trí thréimhse thagartha nua a shocrú ó thráth a thagtha i mbun dualgas in ARC.

14 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, áitíonn an t-iarratasóir go ndéantar fianaise trí bhriseadh ama gan bheith idir an dá chonradh fostaíochta, arna gcur i gcrích le Coiste na Réigiún agus le ARC faoi seach, le 'leanúnachas feidhmiúil' a chaidrimh oibre le húdaráis an Aontais, ar dá réir gurb infhadaithe go huathoibríoch an ceart ar an liúntas easaoránachta arna dheonú ar a theacht i mbun dualgas i gCoiste na Réigiún.

15 Dar leis an iarratasóir, ar an gcéad dul síos, fágann breithiúnas an 15 Nollaig 2022, *Picard* v *an Coimisiún* (C-366/21 P, EU:C:2022:984), go bhfuil measúnú le déanamh ar an gcaidreamh oibre atá ag gníomhaire le 'húdaráis an Aontais' ina iomláine, gan beann ar na hinstitiúidí nó comhlachtaí is fostóirí. Ar an dara dul síos, d'fhágfadh an breithiúnas sin chomh maith le breithiúnas an 14 Nollaig 2018, *Torné* v *an Coimisiún* (T-128/17, EU:T:2018:969) go bhfuil léiriú le déanamh ar fhorálacha na Rialachán Foirne maidir leis an gcaidreamh oibre idir gníomhaire agus údaráis an Aontais sa chaoi go gcaomhnaítear a 'leanúnachas feidhmiúil'.

16 Ar an dara dul síos, áitíonn an t-iarratasóir go bhfágann an cásdlí comhsheasmhach gurb é is cuspóir don liúntas easaoránachta, arna shocrú le hAirteagal 4(1) d'Iarscríbhinn VII de na Rialacháin Foirne, na hualaí agus na míbhuntáistí áirithe a chúiteamh a bhíonn ar na gníomhairí toisc go dtéann siad i mbun dualgas san Aontas ar dá réir nach mór dóibh dul chun sainchónaithe ó Stát a gcónaithe go dtí Stát a bhfostaíochta agus imeascadh le timpeallacht nua (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Iúil 2021, *KO* v *an Coimisiún*, T-389/20, nár foilsíodh, EU:T:2021:436, mír 17 agus an cásdlí dá dtagraítear), gan idirdhealú a dhéanamh idir cé acu le hinstitiúid nó le comhlacht a théann siad i mbun dualgas. Dá bhrí sin, i gcás ina dtéann gníomhaire, a chuaigh chun sainchónaithe ar dtús go dtí a Stát fostaíochta, i gcionn post nua san

Aontas, gan a Stát oibre a athrú agus gan briseadh idir an dá chonradh fostaíochta, chaomhnófaí leanúnachas feidhmiúil a chaidrimh fostaíochta leis an Aontas. Go deimhin, athrú nós imeachta amháin a bheadh ina leithéid d'athrú, nach dtéann i bhfeidhm ar chineál agus méid na mbuntáistí agus na n-ualaí a bhíonn ann de thoradh ar dhul i mbun dualgas san Aontas.

17 Deir an t-iarratasóir chomh maith go mbeadh sé de dheasca ar a mhalairt de léiriú, lena nglactar leis an gceart ar liúntas easaoránachta a bheith le ríomh ar theacht i mbun dualgas i gcás poist as a chéile in institiúidí agus comhlachtaí an Aontais atá lonnaithe san aon Bhallstát, go ndéanfaí leatrom ar ghníomhairí ar lena n-aghaidh nach bhfuil aon sásra um shoghluaiseacht ann le taobh na n-oifigeach agus na ngníomhairí dá dtagraítear in Airteagal 2(f) de na Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile ('CFSE') ar lena n-aghaidh a bhfuil sásraí um shoghluaiseacht idir-ghníomhaireachtaí curtha i bhfeidhm.

18 Ar an tríú dul síos, maíonn an t-iarratasóir go ndearna UCIC earráid shoiléir mheasúnaithe trína dhiúltú faoin liúntais easaoránachta de réir bhreithiúnas an 5 Nollaig 2012, *Grazyte* v *an Coimisiún* (F-76/11, nár foilsíodh, EU:F:2012:173). Ní hionann cúinsí an iarratasóra sa chás ba chúis leis an mbreithiúnas sin agus cúinsí an iarratasóra, ós rud é go raibh sí fostaithe go leanúnach i ngníomhaireachtaí de chuid an Aontais atá bunaithe i mBallstáit éagsúla.

19 Cuireann an Coimisiún argóintí an achomharcóra faoi chonspóid.

20 Ar an gcéad dul síos, áitíonn an Coimisiún, ar thaobh amháin, gurb é atá i mbreithiúnais an 15 Nollaig 2022, *Picard* v *an Coimisiún* (C-366/21 P, EU:C:2022:984) agus an 14 Nollaig 2018, *Torné* v *an Coimisiún* (T-128/17, EU:T:2018:969) ná léiriú ar an gcoincheap 'teacht i mbun dualgas' nach mbaineann ach le sainchás na ranníocaíochtaí i scéim phinsin an Aontais. Go deimhin, ós san aon scéim pinsin a bhíonn ranníocaíochtaí á ndéanamh ag na hoifigigh agus gníomhairí go léir le linn a seirbhíse in institiúidí agus comhlachtaí éagsúla an Aontais, rinne na Cúirteanna idir Bhreithiúnais agus Ghinearálta léiriú ar an gcoincheap sin i bhfianaise leanúnachas feidhmiúil chaidrimh oibre na ngníomhairí.

21 Ar an taobh eile, áitíonn an Coimisiún nach gá tagairt a dhéanamh do bhreithiúnais an 15 Nollaig 2022, *Picard* v *an Coimisiún* (C-366/21 P, EU:C:2022:984), agus an 14 Nollaig 2018, *Torné* v *an Coimisiún* (T-128/17, EU:T:2018:969), ós ann do chásdlí sonrach a bhaineann leis an gcoincheap 'teacht i mbun dualgas' dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) agus (b) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin maidir leis an liúntas easaoránachta.

22 Ar an dara dul síos, maíonn an Coimisiún go bhfágann an cásdlí dá dtagraítear i mír 16 thuas nach mór a shocrú an bhfuil ceart ann ar an liúntas easaoránachta gach uair a thagtar i mbun dualgais d'fhostóir nua. Dá bhrí sin, cé nach raibh briseadh idir dá chonradh an iarratasóra, tugadh iad i gcrích le beirt fhostóirí éagsúla, a bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu dóibh féin.

23 Ina theannta sin, measann an Coimisiún nach inchurtha le chéile cásanna na n-oifigeach agus na seirbhíseach. Go deimhin, d'fhágfadh an cásdlí nach bhfuil an ceart ar shoghluaiseacht ag na gníomhairí ar conradh nó sealadacha, a mhéid nach bhforáiltear trí CFSE d'athfhostaíocht, murab ionann agus na rialacha is infheidhme maidir le hoifigigh.

24 Ar an tríú dul síos, ó thaobh bhreithiúnas an 5 Nollaig 2012, *Grazyte* v *an Coimisiún* (F-76/11, nár foilsíodh, EU:F:2012:173), maíonn an Coimisiún nach dtugtar cur i bhfeidhm an bhreithiúnais sin faoi cheist toisc nach n-athraítear an Stát fostaíochta de bharr poist a athrú. Go deimhin, ar bhonn

an bhreithiúnais sin, chinn an Chúirt i mbreithiúnas an 13 Iúil 2018, *Quadri di Cardano* v *an Coimisiún* (T-273/17, EU:T:2018:480) nár tháinig na conarthaí éagsúla idir an t-iarratasóir agus institiúidí agus comhlachtaí éagsúla an Aontais atá bunaithe san aon Bhallstát i ndiaidh a chéile.

25 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne go bhforáiltear le hAirteagal 92 de CFSE, faoina dtagann an t-iarratasóir mar ghníomhaire ar conradh, trí thagairtí faoi seach a dhéanamh d'Airteagail 20 agus 21 de CFSE, gurb infhaighte ag gníomhairí ar conradh an liúntas easaoránachta arna fhorchur le hAirteagal 69 de na Rialacháin Foirne, ina leagtar amach na rialacha mionsonraithe maidir leis in Airteagal 4 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

26 De réir Airteagal 4(1)(a) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, go dtabharfar an liúntas easaoránachta, arb ionann é agus 16 % de lánmhéid an bhunphá mar aon leis an liúntas teaghlaigh agus an liúntas linbh chleithiúnaigh arna n-íoc leis an oifigeach, don oifigeach a chomhlíonann an dá choinníoll charnacha a leanas, eadhon:

– ní náisiúnach é, ná níor náisiúnach riamh é, de chuid an Stáit ina bhfuil a ionad fostaíochta lonnaithe, agus

– ní raibh sé ina ghnáthchónaí ná i mbun gnáthghnó príomha, ar feadh tréimhse 5 bliana dar éag 6 mhí sular tháinig sé i mbun dualgas, i gcríoch Eorpach an Stáit; níl na cásanna a bhíonn ann de bharr seirbhísí arna gcur i gcrích i mBallstát eile ná in eagraíocht idirnáisiúnta le cur san áireamh ar mhaithe le cur i bhfeidhm na forála seo.

27 Fágann an cinneadh chun diúltú don ghearán gur socraíodh an 1 Lúnasa go dtí an 31 Iúil 2022, is é sin le rá, 5 bliana dar éag sé mí roimh an 1 Feabhra 2023, arb é dáta earcaithe an iarratasóra ag ARC, mar an tréimhse thagartha 5 bliana dá bhforáiltear sa dara eang d'Airteagal 4(1)(a) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

28 Mar sin, mheas UCIC gurb 'ateacht i mbun dualgas' a bhí i bhfostaíocht an iarratasóra in ARC, de bhun bhreithiúnas an 5 Nollaig 2012, *Grazyte* v *an Coimisiún* (F-76/11, nár foilsíodh, EU:F:2012:173). Go deimhin, i mír 20 den chinneadh chun diúltú don ghearán, rinne UCIC tagairt don bhreithiúnas sin ag míniú 'nárb inagartha ag oifigeach nó gníomhaire arna fhostú ag institiúidí nó comhlachtaí éagsúla an Aontais faoi seach, a bhfuil pearsantachtaí dlítheanacha acu dóibh féin, leanúnachas idir na conarthaí éagsúla' agus 'go nglactar le scor den cheangal oibre trí chonradh nua arna thabhairt i gcrích le fostóir eile'.

29 Ó shonraigh an t-iarratasóir san foirm tagtha i mbun dualgas gur tháinig sé go dtí an Bheilg an 16 Bealtaine 2017, mhaígh UCIC, i míreanna 26 agus 27 den chinneadh chun diúltú don ghearán, go raibh a shainchónaí bunaithe aige sa Bhruiséil ar feadh fhad a thréimhse tagartha agus, dá bhrí sin, ní raibh an ceart ar an liúntas easaoránachta aige.

30 Cuireann an t-iarratasóir i gcoinne an chinnidh sin, ag measadh nach mór an tréimhse thagartha le haghaidh an ceart ar liúntas easaoránachta a shocrú a ríomh ó thráth a thagtha i mbun dualgas san Aontas ar dtús, arbh é an 1 Deireadh Fómhair 2022 i gCoiste na Réigiún. Mar sin, ó tháinig sé go dtí an Bheilg an 16 Bealtaine 2017, ní raibh sé ina ghnáthchónaí ar feadh fhad na tréimhse arna bunú mar sin (eadhon an 1 Aibreán 2017 go dtí an 31 Márta 2022) agus, dá bhrí sin, ba cheart fad a chur go huathoibríoch leis an gceart ar an liúntas easaoránachta a bheith aige, ar liúntas é a deonaíodh dó ar a theacht i mbun dualgas i gCoiste na Réigiún.

31 Áitíonn an t-iarratasóir, i bhfianaise an chuspóra don liúntas easaoránachta, i gcás briseadh gan bheith ann idir an dá chonradh oibre, gur athrú nós imeachta amháin, gan an Stát fostaíochta a athrú dá bharr, atá in athrú an fhostóra laistigh den Aontas, ar athrú é nach dtéann i bhfeidhm ar chineál agus méid na mbuntáistí agus na n-ualaí atá ann de thoradh ar theacht i mbun dualgas san Aontas.

32 I ndáil leis sin, mar a áitíonn an t-iarratasóir agus an ceart aige, féachtar tríd an liúntas easaoránachta leis na hualaí agus na míbhuntáistí áirithe a chúiteamh a bhíonn ar na gníomhairí toisc go dtagann siad i mbun dualgas san Aontas ar dá réir nach mór dóibh dul chun sainchónaithe ó Stát a gcónaithe go dtí Stát a bhfostaíochta agus imeascadh le timpeallacht nua (féach breithiúnais an 14 Iúil 2021, *KO* v *an Coimisiún*, T-389/20, nár foilsíodh, EU:T:2021:436, mír 17 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 Is deimhin, i bhfianaise an chuspóra sin, gur chinn an Binse um Sheirbhís Shibhialta go bhfuil léiriú le déanamh ar fhorálacha Airteagal 4(1)(b) d'Iarscríbhinn VII de na Rialacháin Foirne sa chaoi, i gcás inar oibrigh duine atá ag iarraidh an liúntais easaoránachta do roinnt gníomhaireachtaí éagsúla, gurb é dáta éaga na tréimhse tagartha an dáta a thagann an duine sin i mbun dualgas sa ghníomhaireacht lena mbaineann, mar a fhoráiltear dó sa chonradh maidir leis an ngníomhaire sealadach ar a bhonn a iarrtar an liúntas easaoránachta (breithiúnas an 5 Nollaig 2012, *Grazyte* v *an Coimisiún*, F-76/11, EU:F:2012:173, mír 46).

34 Is fíor, áfach, nach ionann cúinsí an iarratasóra ba chúis le breithiúnas an 5 Nollaig 2012, *Grazyte* v *an Coimisiún* (F-76/11, EU:F:2012:173) agus cúinsí an iarratasóra sa chás seo. Mar a áitíonn an t-iarratasóir, sa chás atá i gceist, b'údar leis an ateacht i mbun dualgas imthosca sonracha, eadhon gur athraíodh Stát fostaíochta an iarratasóra de bharr conradh nua a thabhairt i gcrích. Go deimhin, rialaigh an Binse um Sheirbhís Shibhialta go rabhthas ar aon tuiscint go bhfuil duine arna earcú ag gníomhaireacht, i ndiaidh dó obair do ghníomhaireacht eile i gcríoch Ballstáit eile, i gcás 'easaoránachta' toisc nach mór dó imeascadh le timpeallacht nua (breithiúnas an 5 Nollaig 2012, *Grazyte* v *an Coimisiún*, F-76/11, EU:F:2012:173, mír 46).

35 Áitíonn an Coimisiún gur chloígh an Chúirt leis an léiriú ar Airteagal 4(1) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne arna ghlacadh i mbreithiúnas an 5 Nollaig 2012, *Grazyte* v *an Coimisiún* (F-76/11, EU:F:2012:173), ina cásdlí ina dhiaidh sin, ar breithiúnas é a d'fhágfadh nach mór na cearta airgid, lena n-áirítear an liúntas easaoránachta, a shocrú gach uair a théitear i mbun dualgais d'fhostóir nua.

36 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara, i mbreithiúnais an 14 Iúil 2021, *KO* v *an Coimisiún* (T-389/20, nár foilsíodh, EU:T:2021:436, mír 45), agus an 15 Meán Fómhair 2021, *LF* v *an Coimisiún* (T-466/20, EU:T:2021:574, mír 113), agus an 13 Iúil 2018, *Quadri di Cardano* v *an Coimisiún* (T-273/17, EU:T:2018:480, mír 112), gur chinn an Chúirt, go bunúsach, i gcás nach dtagann na conarthaí éagsúla arna dtabhairt i gcrích ag an iarratasóir le hinstitiúidí agus comhlachtaí éagsúla an Aontais a fhostaíonn sé, atá bunaithe san aon Bhallstát, i ndiaidh a chéile, nach mór na cearta airgid, lena n-áirítear an liúntas easaoránachta, a shocrú gach uair a théitear i mbun dualgais d'fhostóir nua. Shonraigh an Chúirt, dá bhrí sin, nach ionann an tréimhse thagartha agus a bhfuil le cur san áireamh le scrúdú a dhéanamh ar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne le haghaidh gach conartha agus, sna himthosca sin, i gcás ina dtéann sé i mbun dualgas in institiúid nua, nach inagartha ag an duine lena mbaineann na cinntí roimhe sin maidir leis an liúntas easaoránachta a dheonú.

37 Mar a áitíonn an Coimisiún, níor ghlac an Chúirt in aon cheann de na cásanna dá dtagraítear i mír 36 thuas, le leanúnachas a bheith ann idir na conarthaí éagsúla arna dtabhairt i gcrích ag an ngníomhaire le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais, rud is údar leis an gceart ar an liúntas easaoránachta a athshocrú ag an institiúid nó gníomhaireacht nua, i bhfianaise tabhartha i gcrích conartha nua le fostóir nua.

38 Ní mór a lua, áfach, go raibh cásanna na n-iarratasóirí atá i gceist sna cásanna sin éagsúil le cás an iarratasóra sa chás seo.

39 Maidir leis an gcás ba chúis le breithiúnas an 14 Iúil 2021, *KO* v *an Coimisiún* (T-389/20, nár foilsíodh, EU:T:2021:436), bhí briseadh ní ba mhó ná bliain amháin idir dhá chonradh arna dtabhairt i gcrích leis an gCoimisiún (breithiúnas an 14 Iúil 2021, *KO* v *an Coimisiún*, T-389/20, nár foilsíodh, EU:T:2021:436, mír 5). Thairis sin, b'údar le diúltú faoin liúntas easaoránachta, sa chás seo, gnáthionad a leasanna a bheith socraithe ag an iarratasóir ina Stát fostaíochta, eadhon sa Bheilg, i bhfad roimh thús na tréimhse tagartha (breithiúnas an 14 Iúil 2021, *KO* v *an Coimisiún*, T-389/20, nár foilsíodh, EU:T:2021:436, míreanna 30 go 32).

40 Ó thaobh an cháis ba chúis le breithiúnas an 15 Meán Fómhair 2021, *LF* v *an Coimisiún* (T-466/20, EU:T:2021:574), fiú más rud é nár athraíodh Stát fostaíochta an iarratasóra de bharr chonarthaí an iarratasóra sa chás sin, tugadh iad i gcrích le beirt fhostóirí éagsúla agus bhí tréimhse 4 mhí uathu ar lena linn a bhí an t-iarratasóir cláraithe mar chuardaitheoir poist (breithiúnas an 15 Meán Fómhair 2021, *LF* v *an Coimisiún*, T-466/20, EU:T:2021:574, mír 113).

41 Maidir leis an gcás ba chúis le breithiúnas an 13 Iúil 2018, *Quadri di Cardano* v *an Coimisiún* (T-273/17, EU:T:2018:480), cé gur thug an t-iarratasóir roinnt conarthaí gcrích le gníomhaireachtaí agus le hinstitiúidí arna mbunú san aon Bhallstát, bhí briseadh idir roinnt acu de na conarthaí (breithiúnas an 13 Iúil 2018, *Quadri di Cardano* v *an Coimisiún*, T-273/17, EU:T:2018:480, mír 112). Fágann an breithiúnas sin, áfach, nach raibh briseadh ama idir an dá chonradh dheireanacha arna dtabhairt i gcrích ag an iarratasóir leis na gníomhaireachtaí lena mbaineann agus nár cheart go raibh an liúntas easaoránachta ag an iarratasóir le linn an chéad chinn den dá chonradh sin ach go háirithe (breithiúnas an 13 Iúil 2018, *Quadri di Cardano* v *an Coimisiún*, T-273/17, EU:T:2018:480, míreanna 24 go 26 agus 29).

42 Mar sin, sna cásanna arna scrúdú thuas, bhí briseadh ama ann idir na conarthaí arna dtabhairt i gcrích ag na gníomhairí leis na hinstitiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Ní hamhlaidh atá, áfach, sa chás seo, a mhéid ar thug an t-iarratasóir faoi obair le ARC an lá i ndiaidh éag dá chonradh le Coiste na Réigiún.

43 Thairis sin, is fíor go bhfágann freagra an 25 Iúil 2024 ón gCoimisiún ar an mbeart eagraithe imeachtaí nach gá go ndearna institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais de réir chur chuige PMO sa chás seo. I ndáil leis sin, tugtar le tuiscint uaidh sin, le haghaidh institiúidí áirithe an Aontais, ar chuntar nach raibh briseadh ama ann idir na conarthaí agus go raibh an Stát fostaíochta céanna i gceist, nach ndéantar difear don cheart ar liúntas easaoránachta leis an bhfostóir laistigh den Aontas a athrú. Sa chás seo, ní gá an ceart ar liúntas easaoránachta a athshocrú, ach tá athnuachan le déanamh ar an gceart arna shocrú ag an bhfostóir roimhe seo, mura bhfuil earráid shoiléir déanta aige agus an ceart sin á shocrú.

44 Sa chás seo, táthar ar aon tuiscint gur chuir an t-iarratasóir deireadh lena dhualgais i gCoiste na Réigiún i ndiaidh a earcaithe ag ARC (féach mír 4 thuas) agus nach raibh briseadh ama ann idir an conradh arna thabhairt i gcrích le Coiste na Réigiún agus an conradh arna thabhairt i gcrích le ARC dá bhrí sin. Thairis sin, ós sa Bheilg Coiste na Réigiún agus ARC, níor athraíodh an Stát fostaíochta de bharr athrú an phoist.

45 I bhfianaise chuspóir an liúntais easaoránachta, dá dtagraítear i mír 32 den bhreithiúnas seo, ní mór a thabhairt faoi deara nár tháinig athrú ar chúinsí an iarratasóra, a cinntíodh ar a theacht i mbun dualgas in ARC, ar a dhul i mbun dualgas in ARC. Is amhlaidh an cás maidir leis na hualaí agus na míbhuntáistí a fhéachtar lena gcúiteamh tríd an liúntas easaoránachta.

46 I bhfianaise a bhfuil roimhe seo, ní mór a chinneadh, sa chás seo, gurb inchinnte ó bhriseadh ama gan bheith ann idir na conarthaí arna dtabhairt i gcrích faoi seach le Coiste na Réigiún agus ansin le ARC agus óna Stát fostaíochta gan a athrú aige, in ainneoin an athraithe fostóra, gur tháinig conarthaí an iarratasóra i ndiaidh a chéile sa chás seo, rud is údar le hathnuachan a dhéanamh ar a cheart ar an liúntas easaoránachta arna shocrú ar a theacht i mbun dualgas le Coiste na Réigiún.

47 Dá bhrí sin, ní mór a chinneadh go ndearna PMO earráid shoiléir mheasúnaithe agus earráid dlí i ndáil leis an léiriú ar Airteagal 4(1) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, tríd an iarratasóir a dhiúltú faoin gceart ar an liúntas easaoránachta ar a fhostú laistigh de ARC.

48 Tugtar le tuiscint uaidh sin nach mór seasamh leis an gcéad saincheist dlí agus an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, gan gá le scrúdú a dhéanamh ar na hargóintí eile agus ar an dara saincheist dlí arna tógáil ag an iarratasóir.

### *An t-iarratas go n-aithneofaí ceart an iarratasóra ar an liúntas easaoránachta a fháil*

49 Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt a dlínse neamhtheoranta a fheidhmiú chun a aithint gurb ann dá cheart an liúntas easaoránachta a fháil ón 1 Feabhra 2023.

50 Ní mór a thabhairt chun cuimhne, de réir cásdlí comhsheasmhach, i gcomhthéacs caingean le haghaidh neamhniú, nach bhfuil sé inordaithe ag cúirt an Aontais, gan cur as do shainchearta an údaráis riaracháin, go nglacfadh institiúid an Aontais bearta arb é atá i gceist leo ná breithiúnas a chur chun feidhme lena gcuirtear cinneadh ar neamhní (féach breithiúnais an 14 Meán Fómhair 2011, *Marcuccio* v *an Coimisiún*, T-236/02, nár foilsíodh, EU:T:2021:465, mír 163 agus an cásdlí dá dtagraítear).

51 Mar sin féin, i ndíospóidí nach mbaineann ach le hairgead, tá dlínse neamhtheoranta ag an gCúirt, i gcomhréir leis an dara habairt d'Airteagal 91(1) de na Rialacháin Foirne, lena gcuirtear de chúram uirthi réiteach cuimsitheach a thabhairt ar na díospóid os a comhair, is é sin le rá, rialú a thabhairt ar na cearta agus oibleagáid ar fad de chuid an ghníomhaire, seachas i gcás ina dtugann sí ar an institiúid i gceist, faoina stiúir, cuid éigin den bhreithiúnas a chur chun feidhme sna himthosca sonracha a shocraíonn sí (breithiúnas an 18 Nollaig 2007, *Weißenfels* v *an Pharlaimint*, C-135/06 P, EU:C:2007:812, mír 67).

52 Ní hiad atá i gceist le 'díospóidí airgid' de réir bhrí an dara habairt d'Airteagal 91(1) de na Rialacháin Foirne ná caingne ag gníomhairí le haghaidh institiúid a chur faoi dhliteanas amháin, ach tá gach caingean i gceist leo trína bhféachtar le suim a íoc ag institiúid le gníomhaire a mheasann sé a bheith dlite dó de réir na Rialachán Foirne nó gníomh eile lena rialaítear a gcaidreamh oibre. Mar sin, is faoi chúirt an Aontais a ordú, i gcás inarb iomchuí, go n-íocfadh

institiúid suim atá dlite don iarratasóir de réir na Rialachán Foirne nó de réir gníomh dlí eile (breithiúnas an 18 Nollaig 2007, *Weißenfels* v *an Pharlaimint*, C-135/06 P, EU:C:2007:812, míreanna 65 agus 68) nó go n-aithneodh sí gurb ann do cheart ar liúntais (féach breithiúnais an 19 Meitheamh 2007, *Asturias Cuerno* v *an Coimisiún*, T-473/04, EU:T:2021:184, mír 23 agus an cásdlí dá dtagraítear).

53 Sa chás seo, fágann mír 47 thuas gur dhiúltaigh PMO an t-iarratasóir in éigeart faoin gceart ar an liúntas easaoránachta ar a fhostú laistigh de ARC agus, dá bhrí sin, go bhfuil an ceart ar an liúntas sin ag an iarratasóir ón 1 Feabhra 2023 ar aghaidh (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Meitheamh 2007, *Asturias Cuerno* v *an Coimisiún*, T-473/04, EU:T:2007:184, mír 77).

### *An t-ordú ar chúiteamh atá á lorg*

54 Áitíonn an t-iarratasóir go raibh an cinneadh atá faoi chonspóid ina chúis le damáiste neamhábhartha a rinneadh dó, ar damáiste é a chuireann sé luach EUR 5 000 air.

55 Áitíonn an Coimisiún nach mór diúltú don ordú ar chúiteamh atá á lorg.

56 Ó thaobh iarratas ar chúiteamh arna dhéanamh ag oifigeach nó ag gníomhaire, tá trí choinníoll charnacha le comhlíonadh leis an Aontas a chur faoi dhliteanas, eadhon neamhdhleathacht an iompair arna chur i leith na n-institiúidí, fírinne na damáiste arna líomhain agus nasc cúisíoch a bheith ann idir an t-iompar neamhdhleathach agus an damáiste arna agairt (féach breithiúnas an 22 Samhain 2023, *QN* v *eu-LISA*, T-484/22, EU:T:2023:741, mír 198 (nár foilsíodh) agus an cásdlí dá dtagraítear).

57 D'fhéadfadh sé, áfach, gur cúiteamh iomchuí ann féin é neamhniú an ghnímh neamhdhleathaigh agus, i bprionsabal, leordhóthanach i leith aon damáiste neamhábhartha a d'fhéadfadh an gníomh sin a bheith ina chúis léi, mura léiríonn an t-iarratasóir go ndearnadh damáiste neamhábhartha dó nach bhfuil inchúititheina iomláine leis an neamhniú sin (féach breithiúnas an 22 Samhain 2023, *QN* v *eu-LISA*, T-484/22, EU:T:2023:741, mír 199 (nár foilsíodh) agus an cásdlí dá dtagraítear).

58 Sa chás seo, na údair a luann an t-iarratasóir leis an damáiste neamhábhartha líomhainte ná an díomá agus an díspreagadh a bhí air de dheasca iompar neamhdhleathach PMO, mar aon leis an am arna chur amú trí na bearta arna ndéanamh aige lena chearta a dhearbhú.

59 I ndáil leis sin, fágann an cásdlí gur féidir gur damáiste atá intugtha le tuiscint ó bhearta neamhdhleathacha a bheith déanta ag na húdaráis agus aige amháin é má cheapann duine go bhfuil éagóir á déanamh agus má tá sé trí chéile toisc nach mór dó tabhairt faoi imeachtaí réamhdhlíthíochta agus dlíthíochta ionas go n-aithneofaí a chuid cearta. Is inchúititheanan damáiste sin i gcás nach gcúitítear é leis an sásamh atá le baint as neamhniú an ghnímh i gceist (breithiúnas an 28 Bealtaine 2020, *Cerafogli* v *BCE*, T-483/16 RENV, nár foilsíodh, EU:T:2020:225, mír 448).

60 In imthosca an cháis seo, ós rud é gur agair an t-iarratasóir, mar gheall ar na bearta neamhdhleathacha a baineann leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, earráid shoiléir mheasúnaithe agus earráid dlí maidir le léiriú Airteagal 4(1) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, arna nglacadh ag an gCúirt chun an cinneadh sin a chur ar neamhní, ní mór a mheas go gcúitítear an damáiste neamhábhartha arna agairt aige go hiomchuí leordhóthanach trí neamhniú an chinnidh atá faoi chonspóid.

61 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don ordú ar chúiteamh atá á lorg ag an iarratasóir.

**Costais**

62 Faoi Airteagal 134(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, ordaítear don pháirtí nár éirigh leis na costais a íoc má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí ar éirigh leis.

63 Toisc nár éirigh go substaintiúil leis an gCoimisiún, ní mór a ordú dó a chostais féin a iompar agus costais an iarratasóra a íoc, de réir an ordaithe atá á lorg ag an iarratasóir.

Ar na forais sin,

dearbhaíonn agus rialaíonn AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Ceathrú Dlísheomra Méadaithe)

mar seo a leanas:

1. **Cuirtear ar neamhní an cinneadh ó Oifig an Choimisiún Eorpaigh um ‘Riar agus um Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla’ (PMO) an 9 Feabhra 2023 chun AH a dhiúltú faoi chead an liúntais easaoránachta.**

2. **Tá an ceart ag AH ar an liúntas easaoránachta, dá dtagraítear in Airteagal 4 d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialacháin Foirne an Aontais Eorpaigh, ón 1 Feabhra 2023 ar aghaidh.**

3. **Diúltaítear don chuid eile den chaingean.**

4. **Ordaítear don Choimisiún na costais a íoc.**

da Silva Passos Półtorak Reine

Nihoul Pynnä

Arna thabhairt i gcúirt phoiblí i Lucsamburg, an 22 Eanáir 2025.

an Cláraitheoir an tUachtarán
V. Di Bucci